Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Feabhra 2023
(OR. en)

6663/23

LIMITE

SCH-EVAL 43
ENFOPOL 77
COMIX 93

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0039(NLE)**

PUBLIC

## TOGRA

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Feabhra 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 12 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar **an Spáinn** maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse **an chomhair póilíneachta** |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 12 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 12 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 17.2.2023
COM(2023) 12 final

2023/0039 (NLE)
**SENSITIVE**[*]

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an Spáinn maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhair póilíneachta**

[*] Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

PUBLIC

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

An 7 Deireadh Fómhair 2013, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013[1], lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú. I gcomhréir leis an Rialachán, bhunaigh an Coimisiún clár meastóireachta ilbhliantúil 2020-2024[2] agus clár meastóireachta bliantúil le haghaidh 2022[3] ina bhfuil pleananna mionsonraithe le haghaidh cuairteanna ar an láthair chuig na Ballstáit a ndéanfar meastóireacht orthu agus ar na láithreáin a dtabharfar cuairt orthu.

Cumhdaítear gach gné de *acquis* Schengen sna réimsí a ndéanfar meastóireacht orthu; go háirithe bainistiú na dteorainneacha seachtracha, an beartas víosaí, Córas Faisnéise Schengen, cosaint sonraí, comhar póilíneachta, comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, chomh maith leis an éagmais rialaithe teorann ag teorainneacha inmheánacha. Ina theannta sin, cuirtear saincheisteanna maidir le cearta bunúsacha agus feidhmiú na n-údarás a chuireann codanna ábhartha de *acquis* Schengen i bhfeidhm san áireamh i ngach meastóireacht.

Ar bhonn na gclár ilbhliantúil agus bliantúil agus i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, rinne foireann saineolaithe ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún meastóireacht ar an Spáinn maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhair póilíneachta idir an 21 agus an 25 Feabhra 2022. Sa tuarascáil meastóireachta uathu[4], leagtar amach a dtorthaí agus a measúnuithe, lena n-áirítear na dea-chleachtais agus aon easnamh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

I dteannta na tuarascála, rinne an fhoireann moltaí maidir le gníomhaíocht feabhais arb é is aidhm di aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh.

Glacadh Rialachán nua ón gComhairle, Rialachán (AE) 2022/922[5], an 9 Meitheamh 2022. Tá forálacha idirthréimhseacha in Airteagal 31(3) den Rialachán sin ar dá réir ba cheart glacadh na dtuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, i gcás meastóireachtaí a dhéanfar roimh an 1 Feabhra 2023. Ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin na meastóireachtaí sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922, agus ba cheart tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta a bheith ina thús leis an méid sin.

Dá thoradh sin, ba cheart na moltaí a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme seo ón gComhairle a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán Uimh. 1053/2013, agus ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin na meastóireachtaí sin a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922, agus tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta ina thús leis an méid sin.

---

1 IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 8045 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2019) 3692 lena mbunaítear an clár meastóireachta ilbhliantúil le haghaidh 2020-2024.

3 Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2021) 7727 ón gCoimisiún an 4 Samhain 2021 lena mbunaítear an chéad chuid den chlár meastóireachta bliantúil le haghaidh 2022 i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú.

4 C(2023) 120.

5 Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.

Na moltaí atá sa togra seo, is éard is aidhm dóibh a áirithiú go gcuirfidh an Spáinn gach riail Schengen a bhaineann le comhar póilíneachta i bhfeidhm mar is ceart agus ar bhealach éifeachtach.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá sé d'aidhm ag na moltaí sin na forálacha atá ann cheana sa réimse beartais a chur chun feidhme mar is ceart agus ar bhealach éifeachtach.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Níl naisc ag na moltaí sin le príomhbheartais eile an Aontais.

PUBLIC

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013, lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Le hAirteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle, iarrtar ar an gCoimisiún go sonrach togra a chur faoi bhráid na Comhairle chun moltaí maidir le gníomhaíocht feabhais a ghlacadh, arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar aon easnamh a sainaithníodh le linn na meastóireachta. Tá gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais chun iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit a neartú agus chun comhordú níos fearr ar leibhéal an Aontais a áirithiú ar mhaithe lena ráthú go gcuireann na Ballstáit rialacha uile Schengen i bhfeidhm mar is ceart agus ar bhealach éifeachtach.

- **Comhréireacht**

Tá Airteagal 15(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle ar aon dul le cumhachtaí sonracha na Comhairle i réimse na meastóireachta frithpháirtí ar chur chun feidhme bheartais an Aontais laistigh den limistéar saoirse, slándála agus ceartais. I bhfianaise an mhéid sin, tá an togra seo le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle i gcomhréir leis an gcuspóir atá á shaothrú.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Cuireadh an tuarascáil mheastóireachta faoi bhráid Choiste Schengen an 24 Samhain 2022 agus fuarthas an tuairim dhearfach ón gCoiste trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn dar críoch an 21 Nollaig 2022.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

ní bhaineann le hábhar

- **Measúnú tionchair**

ní bhaineann le hábhar

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

ní bhaineann le hábhar

- **Cearta bunúsacha**

Cuireadh cosaint na mbeart bunúsach agus *acquis* Schengen á chur i bhfeidhm san áireamh le linn an phróisis meastóireachta.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

ní bhaineann le hábhar

## 5. EILIMINTÍ EILE

ní bhaineann le hábhar

PUBLIC

2023/0039 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leagtar amach moladh maidir le haghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh i meastóireacht 2022 ar an Spáinn maidir le cur i bhfeidhm *acquis* Schengen i réimse an chomhair póilíneachta

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú agus lena n-aisghairtear an Cinneadh ón gCoiste Feidhmiúcháin an 16 Meán Fómhair 1998 lena mbunaítear Buanchoiste um meastóireacht agus cur chun feidhme Schengen[6], agus go háirithe Airteagal 15(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh meastóireacht Schengen i réimse an chomhair póilíneachta i leith na Spáinne i mí Feabhra 2022. Tar éis na meastóireachta, le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 120 ón gCoimisiún, glacadh tuarascáil ina gcumhdaítear na torthaí agus na measúnuithe agus ina liostaítear na dea-chleachtais agus na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta.

(2) Ar an leibhéal straitéiseach, bhunaigh an Spáinn córas mionléirithe chun ailíniú straitéiseach agus comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí a áirithiú idir a gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí. Tá líonra de shaineolaithe ag na Póilíní Náisiúnta agus an Guardia Civil maidir le comhar idirnáisiúnta póilíneachta chun cúnamh a thabhairt do na haonaid faisnéise coiriúla agus comhairle a chur orthu ar an leibhéal réigiúnach maidir le húsáid ionstraimí an chomhair idirnáisiúnta póilíneachta. Tá córas sonrach ag an Spáinn a bhaineann le foréigean inscne a fhaigheann tacaíocht ó fhoirne tiomnaithe ar an leibhéal réigiúnach.

(3) Ba cheart moltaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí feabhais a bheidh le déanamh an Spáinn chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh a sainaithníodh le linn na meastóireachta. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do mholtaí 8-10, 12, 15 agus 17 a chur chun feidhme.

(4) An 24 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle Moladh (AE) 2022/915 maidir le comhar i bhforfheidhmiú oibríochtúil an dlí[7]. Iarrtar ar údaráis na Spáinne an Moladh sin a chur san áireamh nuair a chuirfidh siad na moltaí ábhartha atá leagtha amach sa Chinneadh seo chun feidhme.

(5) Ba cheart an Cinneadh seo a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig Parlaimintí náisiúnta na mBallstát.

---

[6] IO L 295, 6.11.2013, lch. 27.

[7] IO L 158, 13.6.2022, lgh. 53-64.

(6) Beidh feidhm ag Rialachán (AE) 2022/922[8] ón gComhairle ón 1 Deireadh Fómhair 2022 ar aghaidh. I gcomhréir le hAirteagal 31(3) den Rialachán sin, ba cheart gníomhaíochtaí leantacha agus faireacháin na dtuarascálacha meastóireachta agus na moltaí a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/922, agus ba cheart tíolacadh na bpleananna gníomhaíochta a bheith ina thús leis an méid sin.

(7) Laistigh de 2 mhí tar éis ghlacadh an Chinnidh, ba cheart don Spáinn, de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/922, plean gníomhaíochta a bhunú chun na moladh uile a chur chun feidhme agus chun na heasnaimh a sainaithníodh sa tuarascáil mheastóireachta a leigheas. Ba cheart don Spáinn an plean gníomhaíochta sin a sholáthar don Choimisiún agus don Chomhairle,

AG MOLADH:

Ba cheart don Spáinn an méid seo a leanas a dhéanamh:

**Straitéis measúnaithe riosca, anailís riosca agus táirgí anailíseacha comhchosúla**

1. straitéis chuimsitheach measúnaithe riosca agus bagairtí a fhorbairt, lena sainaithnítear na riachtanais atá ann chun comhar póilíneachta a mhéadú le Stáit Schengen eile agus le tríú tíortha, straitéis a bheidh bunaithe ar chritéir ábhartha agus oibiachtúla;

2. malartú na faisnéise straitéisí agus na dtáirgí anailíseacha ar fad a áirithiú idir a gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí féin agus Stáit Schengen eile, go háirithe a mhéid a bhaineann le coiriúlacht i réigiúin teorann agus grúpaí coiriúla taistil;

**Eitic**

3. leanúint de na hiarrachtaí chun reachtaíocht a chur i bhfeidhm chun sceithirí eolais a chosaint;

4. feidhm maidir le gnóthaí baile ar an leibhéal réigiúnach a bhunú agus oiliúint ábhartha leanúnach a sholáthar d'oifigigh forfheidhmithe dlí chun críoch coisctheach;

5. próiseas trínar féidir le daoine aonair tuairisciú anaithnid a dhéanamh ar mhí-iompar nó éilliú oifigeach forfheidhmithe dlí;

**Comhaontuithe déthaobhacha**

6. a dearbhuithe a oiriúnú don Choinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme ar mhaithe le deireadh a chur leis na srianta maidir le tóir thrasteorann ag póilíní na Fraince agus na Portaingéile ar thalamh na Spáinne agus/nó caibidlíochtaí a thionscnamh an athuair chun a comhaontuithe déthaobhacha leis an bPortaingéil agus leis an bhFrainc a leasú chun na féidearthachtaí maidir le tóir thrasteorann a leathnú ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais a fórsaí póilíneachta, sin agus a bheith ina huirlis éifeachtach chun dul i ngleic leis an gcoireacht trasteorann i limistéar Schengen.

7. Cinneadh 2003/170/CGB ón gComhairle a chur chun feidhme chun ionadaíocht níos fearr a dhéanamh ar leasanna na Spáinne agus na mBallstát eile.

[8] Rialachán (AE) 2022/922 ón gComhairle an 9 Meitheamh 2022 maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1053/2013, IO L 160, 15.6.2022, lch. 1.



PUBLIC

**Pointe Teagmhála Aonair**

8. Pointe Teagmhála Aonair na Spáinne a fhorbairt a thuilleadh trí na cainéil éagsúla idirnáisiúnta a chomhtháthú in aonad amháin.

**Córais Bainistithe Cásanna**

9. córas bainistithe cásanna a bhunú le haghaidh Phointe Teagmhála Aonair na Spáinne agus le haghaidh na Lárionad um Chomhar Póilíneachta agus Custaim, rud a áiritheofar uathoibriú próiseála faisnéise, rianú sprioc-amanna agus faireachán ar riaráiste, lena n-ionchorpraítear gach cainéal malartaithe faisnéise idirnáisiúnta. Ba cheart rochtain a bheith ag oifigigh idirchaidrimh na Spáinne ar an gcóras sin;

PUBLIC

**Bainistiú faisnéise agus bunachair sonraí**

10. feidhmiúlacht aon chuardach amháin a fhorbairt le haghaidh ríomhairí deisce agus gléasanna soghluaiste araon trí dhlús a chur le tionscadal reatha na bPóilíní Náisiúnta agus trí fheabhas a chur ar chóras an Guardia Civil atá ann faoi láthair, feidhmiúlacht ina bhfuil rochtain iomlán ar bhunachair sonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus ina bhfuil marcóirí rabhaidh agus gníomhaíochtaí soiléire atá le glacadh. An fheidhmiúlacht sin a sholáthar d'oifigigh idirchaidrimh na Spáinne thar lear.

11. treoirlínte i scríbhinn a ullmhú (ina liostaítear samplaí praiticiúla, mar shampla) maidir le roghnú uirlisí comhair póilíneachta idirnáisiúnta agus cainéil cumarsáide;

12. rochtain dhíreach ar an bhFeidhmchlár Líonra um Malartú Slán Faisnéise (ar feidhmchlár de chuid Europol é) a thabhairt d'aonaid imscrúdaitheacha na n-údarás inniúil agus do Lárionaid um Chomhar Póilíneachta agus Custaim freisin atá buailte le teorainn na Portaingéile trí leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na huirlise sin, agus faireachán 24/7 na dteachtaireachtaí atá ag teacht isteach a áirithiú;

13. rochtain chuardaigh ar Chóras Faisnéise Europol agus ar inneall cuardaigh Europol, QUEST (Córais Europol a Chuardach), a thabhairt d'aonaid imscrúdaitheacha, chomh maith leis an oiliúint chomhfhreagrach le haghaidh úsáideoirí deiridh a chur ar fáil, agus feabhas a chur ar an uathlódálaí sonraí le haghaidh Chóras Faisnéise Europol, chun faisnéis maidir le himscrúduithe gníomhacha a áireamh ann;

14. feabhas a chur ar mhalartú faisnéise le húdaráis póilíneachta Stáit Schengen eile ar bhonn chur chun feidhme náisiúnta Chinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle, lena n-urramaítear na coinníollacha ar fad a leagtar síos san ionstraim sin;

15. na nósanna imeachta náisiúnta a bhunú chun rochtain dhleathach ar an gCóras Faisnéise Víosaí a áirithiú, lena n-áirítear cuardach a dhéanamh le sonraí bithmhéadracha, chun críocha fhorfheidhmiú an dlí i gcomhréir le Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle;

**Teileachumarsáid raidió trasteorann**

16. idir-inoibritheacht na n-uirlisí teileachumarsáide raidió trasteorann a áirithiú, i gcomhpháirtíocht leis an bhFrainc agus leis an bPortaingéil, i gcomhréir le hAirteagal 44 den Choinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme;

**Acmhainní daonna agus oiliúint**

17. oiliúint éigeantach dhomhain leanúnach sa bhreis a sholáthar do gach ball foirne ábhartha maidir le húsáid bunachar sonraí póilíneachta idirnáisiúnta agus uirlisí comhair (amhail Córas Faisnéise Schengen le haghaidh fhorfheidhmiú an dlí agus

Cinneadh Réime 2006/960/CGB ón gComhairle), uirlis atá curtha in oiriúint do na tuairiscí ar chúraimí éagsúla. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do chomhaltaí foirne an Phointe Teagmhála Aonair;

18. líon na gcúrsaí oiliúna i dteangacha iasachta a mhéadú agus rochtain ar oiliúint den sórt sin a éascú ar an leibhéal réigiúnach;

**Comhar póilíneachta trasteorann**

19. scrúdú a dhéanamh ar gach iarraidh ar fhaireachas trasteorann fiú más rud é gur diúltaíodh cheana féin d'iarraidh sa chás céanna.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC